



**COLÁISTE
GHOBNATAN**
BAILE MHC ÍRE, CO. CHORCAÍ



8-05-20

Measúnuithe an tSamhraidh 2020

De bharr nach bhfuil sé ar ár gcumas, scrúduithe an tSamhraidh a rith sa ghnáthslí, tá cur chuige nua, sealadach cruthaithe againn chun dul chun cinn na ndaltaí a thomhas.

Unfortunately, we are not in a position to run our summer exams as before so these temporary arrangements have been made.

Tábhachtach

Tuigim nár éirigh le gach dalta teacht ar an obair agus teagmháil a choimeád go leanúnach leis na múinteoirí agus go raibh cúiseanna leis seo. Ní mór dom a lua mar sin, nach stopann an scoilbhliain ag an bpointe seo, mar ní hionann oideachas agus scrúdú deiridh, ná é. Tá an iarracht agus an fhorbairt leanúnach a dhéantar fíor-thábhachtach mar tugann sé sin léargas ar an duine, an fhoghlaím agus an cumas atá á nochtadh lá i ndiaidh lae.

Important

I am very aware that many students have neither managed to keep up with their work and study, nor keep in regular contact with their teachers for a variety of reasons. In the light of this, it is important to remember that there is still time and opportunity for students to make progress and produce a decent standard of work as the school year has not ended yet and will continue until May 29th. We all know that education means much more than the final grade. The effort and continuous development of students is a crucial element as it gives an insight into the student's growth as a person, their learning and ability over a period of time.

Bliain a 5

Tá sé beartaithe go mbronnfaidh na múinteoirí marc iomlán ar dhaltaí bhliain a 5, chomh maith le ráiteas faoin dul chun cinn atá déanta acu i mbliana. Beidh an marc tábhachtach mar slat tomhais don bhliain dár gcionn. Beidh an marc bunaithe ar an obair a deineadh ó dúnadh na scoileanna agus i rith na bliana (obair bhaile, obair ranga, iarracht) chomh maith le pé socrú atá déanta leis an múinteoir ó shin.

The plan is to award students in 5th year with an overall mark, as well as a report on their progress over the year. This mark will be important as a benchmark for next year. The mark will be based on work completed since the schools closed and during the year (classwork, homework, effort) as well as whatever else is arranged with the individual teachers in the various subjects to the end of this school year.

Bliain a 2 & Bliain a 1

Tá sé beartaithe go scríobhfaidh na múinteoirí ráiteas faoin dul chun cinn atá déanta ag na daltaí i mbliana. Beidh sé seo bunaithe ar an obair a deineadh ó dúnadh na scoileanna agus i rith na bliana (obair bhaile, obair ranga, iarracht).

For 1st and 2nd years students, the plan is to provide students and parents with a comprehensive report on their progress over the year. The report will be based on work completed since the schools closed and during the year (classwork, homework, effort) up to the end of this school year.

An Idirbhliain

Tá sé beartaithe go mbeidh tuairisc scríofa ó gach múinteoir do gach dalta, chomh maith leis an iarracht a deineadh i rith na bliana agus ó dúnadh na scoileanna. San áireamh beidh: comhoibriú, iarracht, dearcadh sa rang, tionscnamh, obair (ranga & bhaile).

Cuirfidh Comhordaitheoir na hIdirbhliana, Mandy Ní Chéilleachair isteach na creidiúintí a baineadh amach le linn na bliana.

Beidh teastas leictreonach á bhronnadh ar gach éinne mar chlabhsúr (bronnfar ceann deas cóip crua ar ball, nuair is féidir).

Transition Year students will receive a written report from each teacher, along with a mark for effort during the year and since the schools closed. Included will be: co-operation, effort, attitude in class, project work, class and home work.

The TY co-ordinator, Mandy Ní Chéilleachair, will also award credits accumulated over the course of the year.

Finally, an electronic certificate of achievement will be presented to all students, along with a hard copy when the school re-opens in the autumn.

Mar fhocal scoir...

Tuigimid nach mbeidh sé seo féaráilte le gach éinne, ach le deacrachtaí le leathanbhanda, trealamh agus cúinsí sa bhaile (bíodh sé easpa spáis, ama nó eile), meastar gur slí é chun críoch réasúnta a chur le hobair na scoilbhliana seo agus an dul chun cinn a mheas agus a thuairisciú go macánta, go cuimsitheach.

We are very aware that these arrangements may not suit all students, but overall, the difficulties with access to broadband, devices, opportunity (and maybe lack of space and other challenges at home), has led us to consider these to be the fairest to all. This will allow us to finish out the school year without too much stress and still give a good idea of how students have progressed throughout the year.

Go n-éirí libh go léir sa tréimhse atá fágtha.